| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Tá sé dorcha. | It's dark. |
| | Níl sé dorcha. | It's not dark. |
| | An bhfuil sé dorcha? | Is it dark? |
| | Nach bhfuil sé dorcha? | Isn't it dark? |
| | | |
| | Tá. | Yes (is). |
| | Níl. | No (isn't). |
| | | |
| | geal / dorcha | bright / dark |
| | te / fuar / tirim / fliuch | hot / cold / dry / wet |
| | scamallach / grianmhar / gaofar | cloudy / sunny / windy |
| | | |
| **2.** | Bhí sé dorcha. | It was dark. |
| | Ní raibh sé dorcha. | It wasn't dark. |
| | An raibh sé dorcha? | Was it dark? |
| | Nach raibh sé dorcha? | Wasn't it dark? |
| | | |
| | Bhí. | Yes (was). |
| | Ní raibh. | No (wasn't). |
| | | |
| | Cá raibh an foclóir? | Where was the dictionary? |
| | | |
| **3.** | Bíonn sé dorcha. | It is (usually) dark. |
| | Ní bhíonn sé dorcha. | It isn't (usually) dark. |
| | An mbíonn sé dorcha? | Is it (usually) dark? |
| | Nach mbíonn sé dorcha? | Isn't it (usually) dark? |
| | | |
| | Bíonn. | Yes (usually is). |
| | Ní bhíonn. | No (usually isn't). |
| | | |
| | Cá mbíonn tú ar maidin? | Where are you (usually) in the morning? |

**Comhrá 1**
A: An raibh tú sa bhaile aréir?
B: Ní raibh. Bhí mé sa pháirc.
A: Nach raibh sé fuar?
B: Ní raibh. Bhí sé te.

**Conversation 1**
Were you at home last night?
No. I was in the park.
Wasn't it cold?
No. It was warm.

**Comhrá 2**
A: An mbíonn sé te in Éirinn?
B: Ní bhíonn. Bíonn sé fuar fliuch.
A: An bhfuil sé fliuch inniu?
B: Níl. Tá sé go deas inniu.

**Conversation 2**
Is it warm in Ireland?
No. It's cold and wet.
Is it wet today?
No. It's nice today.

**Comhrá 3**
A: Dia duit.
B: Dia is Muire duit.
A: Conas atá tú?
B: Tá mé fuar.
A: Tá sé fuar inniu.
B: Tá, ach tá sé tirim.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith, le do thoil.
A: Seo duit.
B: An bhfuil siúcra ann?
A: Tá. Tá siúcra agus bainne ar an mbord.
B: Go raibh maith agat.
A: Fáilte.

**Conversation 3**
Hello.
Hello.
How are you?
I'm cold.
It's cold today.
Yes, but it's dry.
Would you like a cup of tea?
Yes [I would], please.
Here you go.
Is there sugar?
Yes. There is sugar and milk on the table.
Thank you.
You're welcome.

**Ceisteanna**
1. An bhfuil sé dorcha anois?
2. An raibh sé te inné
3. An mbíonn sé fliuch in Éirinn?
4. An raibh sé scamallach inniu?
5. An mbíonn sé grianmhar anseo?
6. An raibh sé gaofar inniu?
7. Conas a bhí an aimsir inné?
8. Conas atá an aimsir anois?
9. Conas a bhíonn an aimsir anseo?

**Questions**
Is it dark now?
Was it hot yesterday?
Is it usually wet in Ireland?
Was it cloudy today?
Is it usually sunny here?
Was it windy today?
How was the weather yesterday?
How is the weather now?
How is the weather usually here?